Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 328

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

18 Meán Fómhair 2023

Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 328/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11106 — STELLANTIS / MICHELIN / FORVIA / SYMBIO) [1] 1

2023/C 328/02 Teachtaireacht ón gCoimisiún — Treoirlínte an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 4 (1) and (2) de Threoir (AE) 2022/2555 (an Dara Treoir NIS) 2

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Chomhairle

2023/C 328/03 Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/1780 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1779 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin 11

2023/C 328/04 Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin 13

GA

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

An Coimisiún Eorpach

2023/C 328/05 Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid *(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006)* ([1]) 15

2023/C 328/06 Rátaí malairte an euro — 15 Meán Fómhair 2023 16

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2023/C 328/07 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11239 — EDF / CREDIT MUTUEL / ILE-DE-FRANCE BUILDING) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 17

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

(Cás M.11106 — STELLANTIS / MICHELIN / FORVIA / SYMBIO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 328/01)

An 17 Iúil 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin 'mBeartas iomaíochta' atá ag an gCoimisiún (https://competition-cases.ec.europa.eu/search). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11106. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoirlínte an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 4 (1) and (2) de Threoir (AE) 2022/2555 (an Dara Treoir NIS)

(2023/C 328/02)

I. RÉAMHRÁ

1. De bhun Airteagal 4(3) de Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (An Dara Treoir NIS), ([1]) soláthróidh an Coimisiún treoirlínte faoin 17 Iúil 2023 lena soiléireofar cur i bhfeidhm Airteagal 4(1) agus (2) den Treoir sin.

2. Soiléirítear leis na Treoirlínte seo cur i bhfeidhm na bhforálacha sin, a bhaineann leis an ngaol idir Treoir (AE) 2022/2555 agus gníomhartha dlí earnáilsonracha an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo lena dtugtar aghaidh ar bhearta bainistithe riosca cibearshlándála nó ar cheanglais maidir le tuairisciú teagmhas. Liostaítear san Fhoscríbhinn a ghabhann leis na Treoirlínte seo na gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais a mheasann an Coimisiún a thagann faoi raon feidhme Airteagal 4 de Threoir (AE) 2022/2555. Ní gá go gciallaíonn gníomh nach bhfuil liostaithe san Fhoscríbhinn sin nach dtagann sé faoi raon feidhme na forála sin.

3. I gcur i bhfeidhm Airteagal 4(3), an tríú habairt, de Threoir (AE) 2022/2555, chuir an Coimisiún barúlacha Ghrúpa Comhair NIS agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) san áireamh sular glacadh na Treoirlínte láithreacha.

4. Tá na Treoirlínte seo gan dochar do léiriú dhlí an Aontais ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

II. COIBHÉIS NA GCEANGLAS CIBEARSHLÁNDÁLA I NGNÍOMHARTHA DLÍ EARNÁILSONRACHA DE CHUID AN AONTAIS

5. Foráiltear le hAirteagal 4(1) de Threoir (AE) 2022/2555, i gcás ina gceanglaítear le gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais ar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha bearta bainistithe riosca cibearshlándála a ghlacadh nó fógra a thabhairt faoi theagmhais shuntasacha agus i gcás ina bhfuil na ceanglais sin ar a laghad ar comhéifeacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir sin, ní bheidh feidhm ag forálacha ábhartha Threoir (AE) 2022/2555, lena n–áirítear na forálacha maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a leagtar síos i gCaibidil VII den Treoir sin, maidir le heintitis den sórt sin. Foráiltear leis an bhforáil sin freisin, i gcás nach gcumhdaítear le gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais na heintitis uile in earnáil ar leith a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2555, go leanfaidh forálacha ábhartha na Treorach sin d'fheidhm a bheith acu maidir leis na heintitis nach gcumhdaítear leis na gníomhartha dlí earnáilsonracha sin de chuid an Aontais.

II.1. Ceanglais bainistithe riosca cibearshlándála

6. Foráiltear le hAirteagal 4(2)(a) de Threoir (AE) 2022/2555 go measfar go bhfuil bearta bainistithe riosca cibearshlándála a cheanglaítear ar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha a ghlacadh faoi ghníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais ar comhéifeacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2555 i gcás ina bhfuil na bearta sin ar a laghad ar comhéifeacht leis na cinn a leagtar síos in Airteagal 21(1) agus (2) den Treoir sin. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil na ceanglais i ngníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais maidir le bearta bainistithe riosca cibearshlándála ar a laghad ar comhéifeacht leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 21(1) agus (2) de Threoir (AE) 2022/2555, ba cheart go gcomhfhreagródh na ceanglais sa ghníomh dlí earnáilsonrach sin de chuid an Aontais ar a laghad le ceanglais na bhforálacha sin nó go rachadh siad thar na ceanglais sin, rud a chiallaíonn go bhféadfadh na forálacha earnáilsonracha a bheith níos gráinní ar shubstaint i gcomparáid le forálacha comhfhreagracha Threoir (AE) 2022/2555.

([1]) IO L 333, 27.12.2022, lch. 80.

7. De bhun Airteagal 21(1), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2022/2555, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí do shlándáil na gcóras gréasán agus faisnéise a mbaineann na heintitis úsáid astu dá n–oibríochtaí nó chun a seirbhísí a sholáthar. Ba cheart go mbeadh na bearta sin a bheith rioscabhunaithe agus ba cheart dóibh a bheith in ann tionchar teagmhas a chosc nó a íoslaghdú. Sonraítear in Airteagal 21(1), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2022/2555 an chaoi ar cheart measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na mbeart sin ([2]). Tagraíonn an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 21(1) de Threoir (AE) 2022/2555 lena gceanglaítear ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha bearta bainistithe riosca cibearshlándála iomchuí agus comhréireacha a dhéanamh d'oibríochtaí agus seirbhísí uile an eintitis lena mbaineann, ní hamháin do shócmhainní sonracha teicneolaíochta faisnéise ('TF') nó do sheirbhísí criticiúla a sholáthraíonn an t–eintiteas.

8. Agus measúnú á dhéanamh ar choibhéis gnímh dlí earnáilsonraigh de chuid an Aontais leis na forálacha ábhartha maidir le cibearbhainistiú riosca ar Threoir (AE) 2022/2555, ba cheart tábhacht ar leith a thabhairt sa mheasúnú sin don cheist maidir le bearta a bheith sna hoibleagáidí slándála sa ghníomh dlí sin lena ndírítear ar shlándáil na gcóras gréasán agus faisnéise a áirithiú. Tagraíonn an sainmhíniú ar 'shlándáil córas gréasán agus córas faisnéise' a leagtar síos in Airteagal 6, pointe (2) de Threoir (AE) 2022/2555 do chumas na gcóras faisnéise seasamh in aghaidh, ar leibhéal áirithe muiníne, aon imeacht lena bhféadfaí infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí stóráilte, tarchurtha nó próiseáilte a chur i mbaol, nó infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht na seirbhísí a thairgtear, nó is féidir a rochtain, trí na córais gréasán agus faisnéise sin a chur i mbaol. Tagraíonn úsáid na dtéarmaí 'infhaighteacht', 'barántúlacht', 'sláine' agus 'rúndacht' sa sainmhíniú sin do na ceithre sprioc chosanta a bhaineann le slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise. Cuimsítear sa téarma 'córais gréasán agus faisnéise', mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (1) de Threoir (AE) 2022/2555, líonraí cumarsáide leictreonaí ([3]); aon ghaireas nó grúpa gaireas idirnasctha nó gaolmhar, a ndéanann ceann amháin nó níos mó díobh, de bhun cláir, próiseáil uathoibríoch ar shonraí digiteacha; sonraí digiteacha arna stóráil, arna bpróiseáil, arna n–aisghabháil nó arna dtarchur ag líonraí cumarsáide leictreonaí nó ag gairis den sórt sin chun críocha a n–oibríochta, a n–úsáide, a gcosanta nó a gcoinnithe ar bun. Dá bhrí sin, leis na bearta slándála a cheanglaítear le gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais, ba cheart crua-earraí, dochtearraí agus bogearraí a úsáidtear i ngníomhaíochtaí eintitis a chumhdach freisin.

9. Breithniú tábhachtach eile agus measúnú á dhéanamh ar choibhéis gnímh dlí earnáilsonraigh de chuid an Aontais le ceanglais Airteagal 21(1) agus (2) de Threoir (AE) 2022/2555 is ea gur cheart na bearta bainistithe riosca cibearshlándála a cheanglaítear leis an ngníomh sin a bheith bunaithe ar 'chur chuige uile-ghuaise'. Ós rud é go bhféadfadh tionscnaimh éagsúla a bheith ag bagairtí ar shlándáil córas gréasán agus faisnéise, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag teagmhas de chineál ar bith ar chórais faisnéise gréasán an eintitis agus d'fhéadfadh teagmhas a bheith mar thoradh air. Dá bhrí sin, ba cheart, leis na bearta bainistithe riosca cibearshlándála a dhéanann an t–eintiteas, ní hamháin córais gréasán agus faisnéise an eintitis a chosaint, ach ba cheart, freisin, timpeallacht fhisiciúil na gcóras sin a chosaint ar aon teagmhas amhail sabaitéireacht, gadaíocht, tine, tuilte, clistí teileachumarsáide nó cumhachta, nó ar rochtain fhisiciúil neamhúdaraithe a d'fhéadfadh infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí stóráilte, tarchurtha nó próiseáilte a chur i mbaol, nó ar na seirbhísí a thairgtear, nó is féidir a rochtain, trí chórais gréasán agus faisnéise. Dá bhrí sin, ba cheart, leis na bearta bainistithe riosca cibearshlándála a cheanglaítear le gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais, aghaidh a thabhairt go sonrach ar shlándáil fhisiciúil agus comhshaoil córas gréasán agus faisnéise ó chlistí córais, earráidí an duine, gníomhartha mailíseacha, nó feiniméin nádúrtha ([4]).

10. Ceanglaítear le hAirteagal 21(2) de Threoir (AE) 2022/2555 freisin ar na bearta bainistithe riosca cibearshlándála na ceanglais shonracha slándála a liostaítear in lit (a) go (j) de mhír 2 den fhoráil sin a áireamh. Cumhdaítear leis na ceanglais sin bearta amhail beartas maidir le hanailís riosca agus slándáil an chórais faisnéise, láimhseáil teagmhas, leanúnachas gnó, bainistiú géarchéime, slándáil an tslabhra soláthair, beartais agus nós imeachta maidir le húsáid cripteagrafaíochta, agus i gcás inarb iomchuí, criptiú. De bhun an dara fomhír d'Airteagal 21(5) de Threoir (AE) 2022/2555, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na ceanglais theicniúla agus mhodheolaíochta, chomh maith le ceanglais earnála, de réir mar is gá, de na bearta

([2]) Féach freisin aithrisí 78, 81 agus 82 den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555.

([3]) Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

([4]) Féach freisin Aithris 79 den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555.

slándála dá dtagraítear in Airteagal 21(2) den Treoir sin. Maidir le soláthraithe seirbhísí an Chórais Ainmneacha Fearainn ('DNS'), clárlanna ainmneacha Fearainn barrleibhéil ('TLD'), soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta, soláthraithe seirbhísí lárionad sonraí, soláthraithe gréasán soláthair ábhair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe, soláthraithe margaí ar líne, soláthraithe inneall cuardaigh ar líne agus soláthraithe ardán seirbhísí líonraithe shóisialta, agus soláthraithe seirbhísí iontaoibhe, glacfaidh an Coimisiún, faoin 17 Deireadh Fómhair 2024, gníomhartha cur chun feidhme maidir le ceanglais theicniúla agus mhodheolaíochta na mbeart slándála dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir (AE) 2022/2555. Sonraítear go mionsonraithe sna gníomhartha cur chun feidhme na príomhchoinníollacha agus na príomhchritéir maidir le cur chun feidhme mar a leagtar síos sa bhunghníomh iad, gan difear a dhéanamh do shubstaint an ghnímh sin ([5]).

II.2. **Ceanglais tuairiscithe**

11. Foráiltear le hAirteagal 4(2)(b) de Threoir (AE) 2022/2555 go measfar go bhfuil ceanglais tuairiscithe maidir le fógra a thabhairt faoi theagmhais shuntasacha ar comhéifeacht le hoibleagáidí na Treorach sin i gcás ina bhforáiltear le gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais do rochtain láithreach, i gcás inarb iomchuí, uathoibríoch agus díreach, ar na fógraí teagmhais ó na foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí ('CSIRTanna'), ó na húdaráis inniúla, nó ó na pointí teagmhála aonair ('SPOCanna'), agus i gcás ina bhfuil ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoi theagmhais shuntasacha ar comhéifeacht ar a laghad leis na ceanglais sin a leagtar síos in Airteagal 23(1) go (6) de Threoir (AE) 2022/2555.

12. Ós rud é nach mór do cheanglais gnímh dlí earnáilsonraigh de chuid an Aontais fógra a thabhairt faoi theagmhais shuntasacha a bheith ar a laghad ar comhéifeacht leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 23(1) go (6) de Threoir (AE) 2022/2555 chun go mbeidh feidhm ag an ngníomh sin in ionad oibleagáidí tuairiscithe na Treorach sin, tá tábhacht ar leith ag na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 23(1) go (6) den Treoir maidir le measúnú ar choibhéis. Forordaítear ar bhealach níos mionsonraithe in Airteagal 23(1) go (6) de Threoir (AE) 2022/2555 an cineál teagmhas nach mór a thuairisciú, cé dóibh nach mór é a thuairisciú, laistigh de cén tréimhse ama, agus an cineál ábhair faisnéise. Tá míniú níos mionsonraithe air sin sna fo-ailt seo a leanas:

II.2.1. *Teagmhais shuntasacha a chur in iúl do CSIRTanna, d'údaráis inniúla agus d'fhaighteoirí*

13. Ceanglaítear sa chéad abairt d'Airteagal 23(1), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2022/2555 ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha fógra a thabhairt, gan moill mhíchuí, dá CSIRT nó, i gcás inarb infheidhme, dá n–údarás inniúil, faoi aon teagmhas suntasach. Ceanglaítear sa dara habairt d'Airteagal 23(1), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2022/2555 ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha fógra a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, gan moill mhíchuí, d'fhaighteoirí a seirbhísí faoi theagmhais shuntasacha ar dócha go ndéanfaidh siad dochar do sholáthar na seirbhísí sin.

14. Cé go sainmhínítear go han-leathan le hAirteagal 6, pointe (6), de Threoir (AE) 2022/2555 'teagmhais', mar aon teagmhas lena ndéantar infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí stóráilte, tarchurtha nó próiseáilte a chur i mbaol nó lena ndéantar infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht na seirbhísí a thairgtear, nó is féidir a rochtain, trí chórais gréasán agus faisnéise a chur i mbaol, níl in Airteagal 23(1) den Treoir sin ach teagmhais shuntasacha a bhaineann le hoibleagáid tuairiscithe. Is teagmhas suntasach é teagmhas arb é ba chúis le mórshuaitheadh oibríochtúil ar na seirbhísí nó caillteanas airgeadais don eintiteas lena mbaineann (Airteagal 23(3)(a)) nó má rinne sé difear do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile nó más amhlaidh go bhféadfadh sé difear a dhéanamh dóibh trí dhamáiste ábhartha nó neamhábhartha suntasach a dhéanamh (Airteagal 23(3)(b)).

([5]) Féach Caibidil D Rialacha Breise lena gCuirtear Chun Feidhme an Bunghníomh, Critéir Neamhcheangailteacha chun Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm — an 18 Meitheamh 2019 (IO C 223, 3.7.2019, lch. 1.).

15. Soiléirítear in aithris (101) den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555 gur cheart tuairisciú teagmhas a bheith bunaithe ar mheasúnú tosaigh arna dhéanamh ag an eintiteas lena mbaineann. Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú tosaigh sin, *inter alia*, na córais gréasán agus faisnéise a ndéantar difear dóibh, go háirithe a dtábhacht i soláthar sheirbhísí an eintitis, déine agus saintréithe teicniúla cibearbhagartha agus aon leochaileacht bhunúsach atá á saothrú mar aon le taithí an eintitis ar theagmhais chomhchosúla. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag táscairí amhail an méid a dhéantar difear d'fheidhmiú na seirbhíse, fad an teagmhais nó an líon faighteoirí seirbhíse a ndéantar difear dóibh, chun a shainaithint más dian é suaitheadh oibríochtúil na seirbhíse.

16. De bhun an dara fomhír d'Airteagal 23(11) de Threoir (AE) 2022/2555, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear a thuilleadh na cásanna ina measfar teagmhas a bheith suntasach. Maidir le soláthraithe seirbhísí DNS, clárlanna ainmneacha TLD, soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta, soláthraithe seirbhísí lárionad sonraí, soláthraithe gréasán soláthair ábhair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe, soláthraithe margaí ar líne, soláthraithe inneall cuardaigh ar líne agus soláthraithe ardán seirbhísí líonraithe shóisialta, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin faoin 17 Deireadh Fómhair 2024. Sonraítear go mionsonraithe sna gníomhartha cur chun feidhme na príomhchoinníollacha agus na príomhchritéir maidir le cur chun feidhme mar a leagtar síos sa bhunghníomh iad, gan difear a dhéanamh do shubstaint an ghnímh sin ([6]).

II.2.2. *Cur chuige ilchéimneach agus an tréimhse ama chun teagmhais shuntasacha a thuairisciú*

17. Le Treoir (AE) 2022/2555, leagtar síos cur chuige ilchéimneach maidir le teagmhais shuntasacha a thuairisciú lena ngabhann luathrabhadh, fógra teagmhais, agus tuarascáil chríochnaitheach. Féadfar na trí ghné sin a fhorlíonadh le tuarascálacha idirmheánacha agus le tuarascáil ar dhul chun cinn.

18. Is é is aidhm don chur chuige ilchéimneach an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, tuairisciú mear atá ina chuidiú le scaipeadh féideartha teagmhas suntasach a mhaolú agus lena gceadaítear d'eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha cúnamh a iarraidh, agus, ar an taobh eile, tuairisciú domhain lena mbaintear ceachtanna luachmhara as teagmhais aonair agus lena gcuirtear feabhas, thar thréimhse ama, ar chibear-athléimneacht eintiteas aonair agus earnálacha iomlána ([7]).

19. De réir an chur chuige ilchéimeach, ní mór d'eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha luathrabhadh a thíolacadh ar dtús, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis dóibh teacht ar an eolas faoin teagmhas suntasach, chuig CSIRT nó chuig an údarás inniúil. Ina dhiaidh sin, ní mór do na heintitis sin fógra teagmhais a thíolacadh, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis dóibh teacht ar an eolas faoin teagmhas suntasach. Ina dhiaidh sin, féadfaidh CSIRT nó údarás inniúil tuarascáil idirmheánach a iarraidh. Ar deireadh, ní mór tuarascáil chríochnaitheach a chur ar fáil don CSIRT nó don údarás inniúil tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an fógra teagmhais a thíolacadh, mura rud é go bhfuil an teagmhas fós ar siúl an tráth sin, agus sa chás sin ní mór tuarascáil ar dhul chun cinn a sholáthar agus an tuarascáil chríochnaitheach a sholáthar laistigh de mhí amháin ón teagmhas a bheith láimhseáilte.

20. Tá feidhm ag tréimhse ama éagsúil maidir leis an bhfógra teagmhais a leagtar síos in Airteagal 23(4), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2022/2555 maidir le soláthraithe seirbhísí iontaoibhe. Ní mór do na soláthraithe sin teagmhais shuntasacha ar sholáthar a seirbhísí iontaoibhe a chur in iúl gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis dóibh teacht ar an eolas faoin teagmhas suntasach.

([6]) Féach Caibidil D Rialacha Breise lena gCuirtear Chun Feidhme an Bunghníomh, Critéir Neamhcheangailteacha chun Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm — an 18 Meitheamh 2019 (IO C 223, 3.7.2019, lch. 1.).

([7]) Féach freisin Aithris 101 den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555.

II.2.3. *Ábhar na hoibleagáide chun teagmhais shuntasacha a thuairisciú do CSIRTanna nó d'údaráis inniúla*

21. Mar riail ghinearálta, ceanglaítear ar na Ballstáit sa tríú habairt d'Airteagal 23(1), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2022/2555 a áirithiú go dtuairisceoidh na heintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha, *inter alia*, aon fhaisnéis lena gcuirtear ar chumas an CSIRT inniúil nó, i gcás inarb infheidhme, an údaráis inniúil aon tionchar trasteorann a bheadh ag an teagmhas a chinneadh. Sonraítear an ceanglas sin maidir le hábhar na hoibleagáide tuairiscithe a thuilleadh in Airteagal 23(4) de Threoir (AE) 2022/2555, lena leagtar síos an cur chuige ilchéimneach.

22. De réir Airteagal 23(4)(a), ní mór go n–áireofaí sa luathrabhadh, i gcás inarb infheidhme, léiriú an bhfuil amhras ann gur tharla an teagmhas suntasach mar gheall ar ghníomhartha neamhdhleathacha nó mailíseacha nó an bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith aige (i dtéarmaí an dócha go mbeidh tionchar trasteorann ag baint leis). De réir aithris (102) den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555, níor cheart a áireamh sa luathrabhadh ach an fhaisnéis a bhfuil gá léi chun CSIRT nó an t–údarás inniúil a chur ar an eolas faoin teagmhas suntasach agus chun a cheadú don eintiteas lena mbaineann cúnamh a iarraidh, más gá.

23. Ní mór go n–áireofaí san fhógra teagmhais, i gcás inarb infheidhme, nuashonruithe ar an bhfaisnéis a tíolacadh mar chuid den luathrabhadh. Thairis sin, ní mór measúnú tosaigh ar an teagmhas suntasach a áireamh ann, lena n–áirítear a dhéine agus a thionchar, agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, táscairí an chomhréitigh a léiriú.

24. Sa chás go n–iarrtar tuarascáil idirmheánach, ní mór nuashonruithe ábhartha maidir le stádas a chur san áireamh inti. Ní mór go n–áireofaí sa tuarascáil chríochnaitheach tuairisc mhionsonraithe ar an teagmhas, lena n–áirítear a dhéine agus ar a thionchar, an cineál bagartha nó an bhunchúis ar dócha gur spreag sé nó sí an teagmhas, na bearta maolaithe a cuireadh i bhfeidhm agus bearta maolaithe leanúnacha, agus, i gcás inarb infheidhme, tionchar trasteorann an teagmhais.

II.2.4. *Rochtain láithreach ar fhógraí teagmhais*

25. Foráiltear le hAirteagal 4(2)(b) de Threoir (AE) 2022/2555 gur gá do ghníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais, a bheidh infheidhme maidir leis na ceanglais maidir le fógra a thabhairt in ionad na Treorach sin, rochtain láithreach ar na fógraí teagmhais a tíolacadh i gcomhréir le gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais a sholáthar do CSIRTanna, do na húdaráis inniúla, nó do na SPOCanna faoi Threoir (AE) 2022/2555. I gcomhréir le hAithris (24) den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555, is féidir rochtain láithreach den sórt sin a áirithiú, go háirithe, má tá fógraí teagmhais á gcur ar aghaidh gan moill mhíchuí chuig CSIRT, chuig an údarás inniúil, nó chuig SPOC.

26. Féadfar rochtain láithreach a sholáthar trí mhodhanna uathoibríocha agus díreacha ar cheart do na Ballstáit iad a chur ar bun, i gcás inarb iomchuí. Áirithítear le sásraí tuairiscithe uathoibríoch agus díreach comhroinnt chórasach agus láithreach faisnéise le CSIRTanna, leis na húdaráis inniúla, nó le SPOCanna a mhéid a bhaineann le láimhseáil fógraí teagmhais. Féadfaidh na Ballstáit pointe teagmhála aonair a úsáid freisin ar gá dó gníomh dlí earnáilsonrach an Aontais a chomhlíonadh, chun an tuairisciú a shimpliú agus chun an sásra tuairiscithe uathoibríoch agus díreach a chur chun feidhme.

27. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil na ceanglais i ngníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais maidir le fógra a thabhairt faoi theagmhais shuntasacha ar comhéifeacht ar a laghad leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 23(1) go (6) de Threoir (AE) 2022/2555, ba cheart do na ceanglais sa ghníomh dlí earnáilsonrach sin de chuid an Aontais ar a laghad a bheith ar comhréir le ceanglais Airteagal 23(1) go (6) nó foráil a dhéanamh maidir le mionsonraí níos mó ná na forálacha sin. Ba cheart go mbainfeadh na ceanglais leis na cineálacha teagmhas is gá a thuairisciú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555, agus na faighteoirí, an t–ábhar agus na tréimhsí ama is infheidhme á gcur san áireamh go háirithe.

III. **IARMHAIRTÍ COIBHÉISE**

III.1. **Maoirseacht agus forfheidhmiú**

28. I gcás ina bhfuil gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais ar a laghad ar comhéifeacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2555, ní hamháin na forálacha ábhartha den Treoir sin a bhaineann leis an oibleagáid bearta bainistithe riosca cibearshlándála a ghlacadh nó fógra a thabhairt faoi theagmhais shuntasacha nach bhfuil feidhm acu, ach freisin na forálacha maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a leagtar síos i gCaibidil VII de Threoir (AE) 2022/2555.

29. Mínítear in Aithris (25) den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555 go bhféadfadh gníomhartha dlí earnáilsonracha an Aontais atá ar a laghad ar comhéifeacht leo foráil a dhéanamh go ndéanfaidh na húdaráis inniúla faoi na gníomhartha sin a gcumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a fheidhmiú i ndáil le bainistíocht riosca cibearshlándála nó oibleagáidí i ndáil le fógra a thabhairt le cúnamh ó na húdaráis inniúla faoi Threoir (AE) 2022/2555. D'fhéadfadh na húdaráis inniúla lena mbaineann socruithe comhair a bhunú chun na críche sin, lena n–áirítear nósanna imeachta maidir le comhordú na ngníomhaíochtaí maoirseachta, nósanna imeachta maidir le himscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus sásra chun faisnéis ábhartha maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú a mhalartú idir na húdaráis inniúla. D'fhéadfadh rochtain ar fhaisnéis chibearghaolmhar arna hiarraidh ag na húdaráis inniúla faoi Threoir (AE) 2022/2555 a bheith i gceist le sásra den sórt sin chun faisnéis ábhartha a mhalartú.

III.2. **Straitéis náisiúnta chibearshlándála**

30. Ceanglaítear ar gach Ballstát straitéis náisiúnta chibearshlándála a ghlacadh de bhun Airteagal 7(1) de Threoir (AE) 2022/2555. Is creat comhleanúnach de chuid Ballstáit é straitéis náisiúnta chibearshlándála lena soláthraítear cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha i réimse na cibearshlándála agus an rialachais chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí sin a bhaint amach sa Bhallstát sin (féach Airteagal 6, pointe (4), de Threoir (AE) 2022/2555). Ní mór cuspóirí agus tosaíochtaí lena gcumhdaítear go háirithe na hearnálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555 a áireamh sa straitéis chibearshlándála *inter alia*. Ina theannta sin, ní mór creat rialachais a bheith i gceist leis an straitéis sin chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí sin a bhaint amach, lena n–áirítear na beartais dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Threoir (AE) 2022/2555.

31. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 7(1) c) de Threoir (AE) 2022/2555 nach mór creat rialachais a áireamh sa straitéis náisiúnta chibearshlándála lena soiléirítear róil agus freagrachtaí na ngeallsealbhóirí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, lena gcuirtear taca faoin gcomhar agus faoin gcomhordú ar an leibhéal náisiúnta idir na húdaráis inniúla, na pointí teagmhála aonair agus na CSIRTanna faoi Threoir (AE) 2022/2555, chomh maith le comhordú agus comhar idir na comhlachtaí sin agus na húdaráis inniúla faoi ghníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais.

32. Dá bhrí sin, ní bhaineann an ceanglas maidir le straitéis chibearshlándála a ghlacadh de bhun Airteagal 7 de Threoir (AE) 2022/2555 leis na ceanglais chibearshlándála a fhorchuirtear ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha de bhun Airteagail 21 agus 23 den Treoir sin, ná leis na forálacha a bhaineann lena maoirseacht agus lena bhforfheidhmiú a leagtar síos i gCaibidil VII mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(1) agus (2) den Treoir. Ba cheart go leanfadh an fhoráil ábhartha d'Airteagal 7 d'fheidhm a bheith aici maidir le hearnálacha, fo-earnálacha agus cineálacha eintiteas a bhfuil gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais ann ina leith de réir bhrí Airteagal 4 de Threoir (AE) 2022/2555.

III.3. **CSIRTanna a ainmniú**

33. De réir Airteagal 10(1) de Threoir (AE) 2022/2555, ní mór do na Ballstáit CSIRT amháin nó níos mó a ainmniú nó a bhunú lena gcumhdófar ar a laghad na hearnálacha, na fo-earnálacha agus na cineálacha eintitis dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II den Treoir, lena n–áirítear ar an gcaoi sin na hearnálacha, na fo-earnálacha agus na cineálacha eintiteas a bhfuil gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais ann ina leith. De ghnáth, déanfaidh CSIRTanna a gcúraimí freisin mar a leagtar síos in Airteagal 11(3) de Threoir (AE) 2022/2555 i ndáil leis sin, mura sonraítear cúraimí ar leith i ngníomhartha dlí earnáilsonracha an Aontais.

III.4. **Creataí náisiúnta bainistithe cibirghéarchéime agus EU-CyCLONe**

34. De bhun Airteagal 9(1) de Threoir (AE) 2022/2555, ní mór do na Ballstáit údarás bainistíochta cibirghéarchéime amháin nó níos mó a ainmniú nó a bhunú atá freagrach as teagmhais mhórscála chibearshlándála agus géarchéimeanna a bhainistiú. De réir Airteagal 6, pointe (7), den Treoir sin, is éard is teagmhas mórscála cibearshlándála ann ná teagmhas is cúis le leibhéal suaite is mó ná cumas Ballstáit freagairt dó nó a bhfuil tionchar suntasach aige ar dhá Bhallstát ar a laghad. Ceanglaítear le hAirteagal 9(4) de Threoir (AE) 2022/2555 ar na Ballstáit plean náisiúnta maidir le freagairt ar theagmhais mhórscála chibearshlándála agus géarchéimeanna a ghlacadh freisin ina leagtar amach na cuspóirí agus na socruithe maidir le bainistiú teagmhas mórscála cibearshlándála agus géarchéimeanna. Ba cheart go leagfaí síos sa phlean sin, *inter alia*, nósanna imeachta um bainistíocht cibirghéarchéime, lena n–áirítear iad a chomhtháthú sa chreat náisiúnta ginearálta bainistíochta géarchéime agus sna cainéil malartaithe faisnéise, agus sna geallsealbhóirí ábhartha poiblí agus príobháideacha agus sa bhonneagar ábhartha lena mbaineann. D'fhéadfadh nósanna imeachta earnáilsonracha agus geallsealbhóirí a bheith i gceist le nósanna imeachta um bainistíocht cibirghéarchéime den sórt sin agus le geallsealbhóirí ábhartha poiblí agus príobháideacha.

35. Bunaítear le hAirteagal 16 de Threoir (AE) 2022/2555 an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibirghéarchéimeanna (EU-CyCLONe), arb é is cuspóir dó tacú le bainistiú comhordaithe teagmhas cibearshlándála agus géarchéime ar mórscála ar an leibhéal oibríochtúil agus chun malartú tráthrialta faisnéise ábhartha a áirithiú i measc na mBallstát agus institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

36. Ós rud é nach mbaineann Airteagal 9 maidir le creataí bainistithe cibirghéarchéime agus Airteagal 16 maidir le EU-CyCLONe leis na ceanglais chibearshlándála a fhorchuirtear ar eintitis de bhun Airteagal 21 agus Airteagal 23 de Threoir (AE) 2022/2555 ná leis an maoirseacht agus leis an bhforfheidhmiú a leagtar síos i gCaibidil VII mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(1) agus (2) den Treoir sin, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 9 agus ag Airteagal 16 ina n–iomláine maidir le hearnálacha, d'ainneoin gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais a bheith ann de réir bhrí Airteagal 4. Mar thoradh air sin, ní mór do na Ballstáit údarás bainistíochta cibirghéarchéime amháin nó níos mó a ainmniú nó a bhunú atá freagrach as teagmhais mhórscála chibearshlándála agus géarchéimeanna a bhainistiú sna hearnálacha a chumhdaítear le gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais. Ina theannta sin, níor cheart neamhaird a thabhairt ar earnálacha a chumhdaítear le gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais agus an plean náisiúnta maidir le freagairt ar theagmhais mhórscála chibearshlándála agus géarchéimeanna á ghlacadh. Ar deireadh, ba cheart do EU-CyCLONe a chúraimí a chumhdaítear in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2022/2555 a dhéanamh i ndáil le hearnálacha ina bhfuil eintitis faoi réir gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais.

III.5. **Cur i bhfeidhm Airteagail 3 (3) agus (4), 20 agus 27 (2) agus (3) a eisiamh**

37. De bhun Airteagal 3(3) de Threoir (AE) 2022/2555, ceanglaítear ar na Ballstáit liosta d'eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha a bhunú agus d'eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainmneacha fearainn a thagann faoi raon feidhme na Treorach. De bhun Airteagal 27 (2), ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis dá dtagraítear in Airteagal 27 (1) den Treoir sin faisnéis áirithe a chur faoi bhráid na n–údarás inniúil. Ós rud é gurb é is cuspóir do na forálacha sin forléargas soiléir ar na heintitis a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2555 a áirithiú chun tacú le maoirseacht ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha a thagann faoina raon feidhme, leanann sé nár cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le heintitis a bhfuil feidhm ag gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais maidir le ceanglais bainistíochta riosca cibearshlándála agus ceanglais tuairiscithe ina leith. Ní chuirtear bac leis sin ar na Ballstáit eintitis den sórt sin a chur ar an liosta.

De bhun Airteagal 20(1) de Threoir (AE) 2022/2555, ceanglaítear ar chomhlachtaí bainistíochta eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach na bearta riosca cibearshlándála arna ndéanamh ag na heintitis sin a fhormheas chun Airteagal 21 a chomhlíonadh, chun formhaoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme, agus is féidir iad a chur faoi dhliteanas i leith sáruithe ar an Airteagal sin. De bhun Airteagal 20(2) den Treoir sin, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar chomhaltaí chomhlachtaí bainistíochta na n–eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach oiliúint a leanúint, agus spreagfaidh siad eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha chun oiliúint chomhchosúil a chur ar fáil dá bhfostaithe ar bhonn rialta, ionas go bhfaighidh siad eolas leordhóthanach agus scileanna leordhóthanacha chun go mbeidh siad in ann rioscaí a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar chleachtais bainistithe riosca cibearshlándála agus ar an tionchar atá acu ar na seirbhísí a sholáthraíonn an t–eintiteas. Ós rud é go bhfuil na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 20 de Threoir (AE) 2022/2555 nasctha go bunúsach le ceanglais Airteagal 21 den Treoir sin, leanann sé nár cheart feidhm a bheith ag Airteagal 20 i gcás gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 4 den Treoir sin a bhfuil feidhm acu maidir le ceanglais bainistithe riosca cibearshlándála.

FOSCRÍBHINN

Gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais

Rialachán (AE) 2022/2554 (an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil) ([1])

1. Foráiltear le hAirteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2022/2554 (an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil, DORA), i ndáil le heintitis airgeadais a chumhdaítear le Treoir (AE) 2022/2555 agus lena rialacha náisiúnta comhfhreagracha maidir le trasuí, go measfar gur gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais é Rialachán (AE) 2022/2554 chun críocha Airteagal 4 de Threoir (AE) 2022/2555. Léirítear an ráiteas seo in aithris (28) den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555, ina ndeirtear gur cheart DORA a mheas mar ghníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais i ndáil le Treoir (AE) 2022/2555 maidir le heintitis airgeadais. Dá bhrí sin, beidh feidhm ag forálacha Rialachán (AE) 2022/2554 a bhaineann le bainistíocht riosca teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) (Airteagal 6 et seq.), bainistíocht teagmhas a bhaineann le TFC agus, go háirithe, tuairisciú teagmhas mór a bhaineann le TFC (Airteagal 17 et seq.), agus freisin maidir le tástáil ar athléimneacht dhigiteach oibríochtúil, (Airteagal 24 et seq.) socruithe comhroinnte faisnéise (Airteagal 25) agus riosca tríú páirtí TFC (Airteagal 28 et seq.) seachas iad sin dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2022/2555. Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit forálacha na Treorach (AE) 2022/2555 i ndáil le bainistíocht riosca cibearshlándála agus le hoibleagáidí maidir le tuairisciú, agus i ndáil le maoirseacht agus forfheidhmiú, a chur i bhfeidhm maidir le heintitis airgeadais a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2022/2554.

2. I dtaca leis sin, meastar gur eintitis iad eintitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a) go (t) de Rialachán (AE) 2022/2554. Áirítear ar na cineálacha eintiteas a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2554 mar eintitis airgeadais, agus faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2555 mar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha, institiúidí creidmheasa, ionaid trádála agus contrapháirtithe lárnacha. Ós rud é go bhfuil sé tábhachtach caidreamh láidir agus malartú faisnéise a choinneáil ar bun leis an earnáil airgeadais faoi Threoir (AE) 2022/2555, féadfaidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus na húdaráis inniúla faoi Rialachán (AE) 2022/2554 a iarraidh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhair ([2]), agus faisnéis a mhalartú agus comhoibriú le SPOCanna, agus le CSIRTanna agus leis na húdaráis inniúla faoi Threoir (AE) 2022/2555 ([3]). Ba cheart do na húdaráis inniúla faoi Rialachán (AE) 2022/2554 mionsonraí i dtaobh teagmhais mhóra a bhaineann le TFC agus, i gcás inarb ábhartha, cibearbhagairtí suntasacha a tharchur freisin chuig CSIRTanna, na húdaráis inniúla nó na pointí teagmhála aonair faoi Threoir (AE) 2022/2555. Is féidir é sin a bhaint amach trí rochtain láithreach a thabhairt ar fhógraí teagmhais agus iad a chur ar aghaidh go díreach nó trí phointe teagmhála aonair. Ba cheart do CSIRTanna a bheith in ann an earnáil airgeadais a chumhdach ina ngníomhaíochtaí ([4]). Ba cheart do na Ballstáit leanúint den earnáil airgeadais a áireamh ina straitéisí cibearshlándála. Ba cheart go leanfadh na forálacha maidir le creataí náisiúnta bainistíochta cibirghéarchéime (Airteagal 9 de Threoir (AE) 2022/2555), agus maidir le EU-CyCLONe (Airteagal 16 de Threoir (AE) 2022/2555), d'fheidhm a bheith acu maidir le heintitis a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2554.

([1]) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

([2]) Airteagal 14(3) de Threoir (AE) 2022/2555 agus Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2022/2554.

([3]) Féach Aithris 28 de Threoir (AE) 2022/2555.

([4]) Ibid.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHOMHAIRLE

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/1780 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1779 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

(2023/C 328/03)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar na daoine agus ar na heintitis atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle ([1]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/1780 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1779 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine agus na heintitis sin a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 1 Eanáir 2024, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi /Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 100, 14.4.2011, lgh. 51.
([2]) IO L 228 I, 15.9.2023, lch. 6.
([3]) IO L 100, 14.4.2011, lgh. 1.
([4]) IO L 228 I, 15.9.2023, lch. 1.

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, mír 2, agus in Airteagal 263, míreanna 4 agus 6, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

(2023/C 328/04)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Is iad Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle ([2]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/1780 ón gComhairle ([3]), agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle ([4]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1779 ón gComhairle ([5]) is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin.

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh - agus Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um an gCaidreamh Seachtrach (RELEX) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son - rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo; is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi /Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2011/235/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/1780, agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1779.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2011/235/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis na forais maidir leis an liostú.

Is iad na Cinntí ón gComhairle a glacadh faoi Airteagal 29 CAE agus Rialacháin ón gComhairle a glacadh faoi Airteagal 215 CFAE lena n-ainmnítear daoine nádúrtha (ábhair sonraí) agus lena bhforchuirtear reo sócmhainní agus srianta taistil is bunús dlí don láimhseáil sonraí pearsanta.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích ar cúram é a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(a) agus chun oibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos sna gníomhartha dlí thuasluaite a bhfuil an rialaitheoir faoina réir i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna a bhaineann le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(g) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Féadfaidh an Chomhairle sonraí pearsanta ábhar sonraí a fháil ó na Ballstáit agus/nó ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Is iad na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faighteoirí na sonraí pearsanta.

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
([2]) IO L 100, 14.4.2011, lgh. 51.
([3]) IO L 228 I, 15.9.2023, lgh. 6.
([4]) IO L 100, 14.4.2011, lgh. 1.
([5]) IO L 228 I, 15.9.2023, lgh. 1.

Coimeádfar na sonraí pearsanta uile a phróiseálann an Chomhairle i gcomhthéacs bhearta sriantacha uathrialacha an Aontais go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir reo sócmhainní nó ón uair a dtéann bailíocht an bhirt in éag nó, má thugtar caingean dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais, go dtí go dtabharfar breithiúnas críochnaitheach. Coimeádann an Chomhairle sonraí pearsanta atá i ndoiciméid a chláraíonn an Chomhairle chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir bhrí Airt. 4(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/1725.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gComhairle sonraí pearsanta maidir le hábhar sonraí a mhalartú le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta i gcomhthéacs thrasuí ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe arna dhéanamh ag an gComhairle nó i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta i ndáil le beartas an Aontais i dtaca le bearta sriantacha.

In éagmais cinneadh leordhóthanachta, nó coimircí iomchuí, tá aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta bunaithe ar an gcoinníoll nó na coinníollacha seo a leanas, de bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2018/1725: gur gá an t-aistriú a dhéanamh ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail; gur gá an t-aistriú a dhéanamh chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Níl aon chinnteoireacht uathoibrithe i gceist agus sonraí pearsanta an ábhair sonraí á bpróiseáil.

Tá an ceart chun faisnéise ag ábhair sonraí chomh maith leis an gceart rochtana ar a gcuid sonraí pearsanta féin. Tá sé de cheart acu freisin a gcuid sonraí a cheartú agus a chomhlánú. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé de cheart acu a éileamh go scriosfaí a gcuid sonraí pearsanta, agóid a dhéanamh faoina gcuid sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil nó a iarraidh go ndéanfaí an phróiseáil sin a shrianadh.

Is féidir le hábhair sonraí na cearta sin a fheidhmiú trí ríomhphost a sheoladh chuig an rialaitheoir agus cóip a sheoladh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí mar a léirítear thuas.

I gceangal lena n-iarraidh, ní mór do na hábhair sonraí cóip de dhoiciméad aitheantais (cárta aitheantais nó pas) a sholáthar chun a gcéannacht a dheimhniú. Ba cheart uimhir aitheantais, tír eisiúna, an tréimhse bhailíochta, ainm, seoladh agus dáta breithe a bheith ar an doiciméad sin. Féadfar dath dubh a chur ar aon sonraí eile atá sa chóip den doiciméad aitheantais, mar shampla grianghraf nó saintréithe pearsanta eile.

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

Sula ndéanfaidh siad amhlaidh, moltar do na hábhair sonraí féachaint ar dtús leis an scéal a leigheas trí dhul i dteagmháil leis an rialaitheoir agus/nó le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle.

AN COIMISIÚN EORPACH

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid

(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([1]))

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 328/05)

Cinneadh lena dtarraingítear siar údarú

An tagairt don chinneadh ([1])	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Seolaí an chinnidh	An úsáid aistarraingthe	An cinneadh aisghairthe	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2023) 6014	11 Meán Fómhair 2023	Déchrómáit sóidiam CE Uimh 234-190-3; CAS Uimh 10588-01-9 (ainhidriúil); CAS Uimh 7789-12--0 (déhiodráit)	Gruppo Colle S.r.l., Via G. Di Vittorio 3/5, 59025 Usella, Cantagallo, Prato, an Iodáil	Mar bhuanaitheoir i ruaimniú olann le dathanna dorcha	C(2017) 8331	Níor léiríodh sa tuarascáil athbhreithnithe éagmais roghanna malartacha oiriúnacha don iarratasóir, i gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1

Rátaí malairte an euro ([1])

15 Meán Fómhair 2023

(2023/C 328/06)

1 euro =

	Airgeadra	Ráta malairte		Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0658	CAD	dollar Cheanada	1,4409
JPY	yen na Seapáine	157,50	HKD	dollar Hong Cong	8,3416
DKK	krone na Danmhairge	7,4573	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,8008
GBP	punt steirling	0,85878	SGD	dollar Shingeapór	1,4524
SEK	krona na Sualainne	11,8730	KRW	won na Cóiré Theas	1 415,78
CHF	franc na hEilvéise	0,9554	ZAR	rand na hAfraice Theas	20,2968
ISK	króna na hÍoslainne	145,30	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,7561
NOK	krone na hIorua	11,4220	IDR	rupiah na hIndinéise	16 379,21
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	MYR	ringgit na Malaeisia	4,9922
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,496	PHP	peso na nOileán Filipíneach	60,612
HUF	forint na hUngáire	383,75	RUB	rúbal na Rúise	
PLN	zloty na Polainne	4,6308	THB	baht na Téalainne	38,145
RON	leu na Rómáine	4,9698	BRL	real na Brasaíle	5,1860
TRY	lira na Tuirce	28,7513	MXN	peso Mheicsiceo	18,2275
AUD	dollar na hAstráile	1,6498	INR	rúipí na hIndia	88,6150

([1]) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11239 — EDF / CREDIT MUTUEL / ILE-DE-FRANCE BUILDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 328/07)

1. An 8 Meán Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— SAS C91 (an Fhrainc), atá faoi rialú ag cuideachta Électricité de France ('EDF', an Fhrainc),

— La Française Real Estate Managers ('La Française', an Fhrainc), atá faoi rialú la Caisse Régionale Crédit Mutuel Nord Europe (an Fhrainc), ar comhalta den ghrúpa Crédit Mutuel (France) é féin,

— Foirgneamh atá suite in Ile-de-France ('le Bâtiment', an Fhrainc).

Gheobhaidh EDF agus Crédit Mutuel rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Le Bâtiment ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— EDF: atá gníomhach, sa Fhrainc agus ar an gcoigríoch, i dtáirgeadh agus i mórdhíol leictreachais, i dtarchur, i ndáileadh agus i soláthar leictreachais, i soláthar seirbhísí eile a bhaineann le leictreachas agus, ar bhonn níos lú, i dtáirgeadh agus i mórdhíol agus i miondíol gáis,

— Crédit Mutuel: atá gníomhach i soláthar seirbhísí baincéireachta agus airgeadais, go príomha sa Fhrainc. Trína fhochuideachta La Française, cuireann an grúpa Crédit Mutuel seirbhísí bainistíochta eastáit réadaigh ar fáil.

3. Is foirgneamh oifige agus tráchtála é Le Bâtiment atá suite ag 111, avenue de France, 75013 Páras, an Fhrainc.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11239 — EDF / CREDIT MUTUEL / ILE-DE-FRANCE BUILDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA